**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ | **Móriomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
**(200 marc)**

**AN AOINE 10 MEITHEAMH - MAIDIN 10.15 go dtí 11.45**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| 2. Iomlán carnach ceisteanna a dícheadaíodh | |
| 3. **An t-ollmharc** a bronnadh (i.e. 1. lúide 2. thuas) | |

**Nóta**: Is den riachtanas é go bhfreagródh **an t-ollmharc** ag 3. thuas don IOMLÁN sa ghreille ar dheis.

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| CT | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| GRÁD | |




**Thall →**


## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (100 marc)


Freagair **gach** ceist.

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(20 marc)**

(a) Téigí trasna an bhóthair anois.
(b) Stop! Tá an traein ag teacht.
(c) Níl cead agat fón a úsáid sa leabharlann.
(d) Tá cluiche iomána ar siúl sa pháirc.
(e) Seachain! Madra crosta.
(f) Cuir an páipéar sin sa bhosca bruscair, le do thoil.















**CEIST 2**. Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

**Coláiste Dhéagláin**
**Port Láirge**

## Turas Lae go Luimneach

**Dé Sathairn, 21 Bealtaine 2005**

| | |
|---|---|
| 8.30 a.m. | Traein go Luimneach. |
| 10.40 a.m. | Turas go Caisleán Bhun Raite. |
| 1.00 p.m. | Lón in óstán in aice leis an gcaisleán. |
| 2.30 p.m. | Cuairt ar Aerfort na Sionainne. |
| 4.00 p.m. | Cluiche iomána i bPáirc na nGael: |
| | Port Láirge v Gaillimh. |
| 5.30 p.m. | Siopadóireacht sa chathair. |
| 7.45 p.m. | Sceallóga agus burgair i Supermacs. |
| 9.30 p.m. | Traein abhaile go Port Láirge.. |

Ticéid – €30 – le fáil ón Rúnaí – roimh 13 Bealtaine.

**Ceisteanna**:

**1.** Cá bhfuil Coláiste Dhéagláin?

| | |
|---|---|
| I Luimneach | |
| I bPort Láirge | |
| I nGaillimh | |

**2.** Cad a dhéanfaidh siad **roimh** lón?

| | |
|---|---|
| Siopadóireacht | |
| Cuairt ar Aerfort na Sionainne | |
| Turas go Caisleán Bhun Raite | |

**3.** Cén t-am a bheidh an cluiche iomána ag tosú?

| | |
|---|---|
| 2.30 p.m | |
| 4.00 p.m | |
| 7.45 p.m | |

**4.** Cá mbeidh siad ag 7.45 p.m.?

| | |
|---|---|
| Ar an traein | |
| I bPáirc na nGael | |
| I Supermacs | |

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €21 | |
| €30 | |
| €13 | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a rinne siad **tar éis** lóin.

1. ______________________________

2. ______________________________


**CEIST 3**. Freagair (a) **agus** (b). **(40 marc)**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

**(a)**

# DANIEL RADCLIFFE – HARRY POTTER

Rugadh Daniel Radcliffe i Sasana sa bhliain 1989. Thosaigh sé ag aisteoireacht i ndrámaí scoile nuair a bhí sé an-óg. Chuir a lán daoine aithne ar Daniel nuair a fuair sé páirt Harry Potter sa scannán *Harry Potter and the Philosopher's Stone* sa bhliain 2001. Bhí an pháirt chéanna aige in *Harry Potter and the Chamber of Secrets* sa bhliain 2002. Thóg sé páirt Harry arís in *Harry Potter and the Prisoner of Azbakan* sa bhliain 2004. Is é *Harry Potter and the Goblet of Fire* an ceathrú scannán ina bhfuil Daniel páirteach. Cé go bhfuil clú agus cáil air anois ar fud an domhain tá Daniel ag dul ar scoil i gcónaí.



**1.** Cár rugadh Daniel Radcliffe? ______________________________

**2.** Cén bhliain a fuair Daniel páirt in *Harry Potter and the Philosopher's Stone*?

| | |
|---|---|
| 1989 | |
| 2002 | |
| 2001 | |

**3.** Cád é an ceathrú scannán ina bhfuil Daniel páirteach?

| | |
|---|---|
| *Harry Potter and the Chamber of Secrets* | |
| *Harry Potter and the Goblet of Fire* | |
| *Harry Potter and the Prisoner of Azbakan* | |

## (b) PEIL NA mBAN i bPÁIRC AN CHRÓCAIGH



Imríonn Cora Staunton peil le Contae Mhaigh Eo agus is peileadóir an-mhaith í. Is minic a bhí sí ar fhoireann Mhaigh Eo nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann. Imríonn suas le 90,000 cailíní peil in Éirinn i láthair na huaire agus tá an spórt ag fás i gcónaí. Bunaíodh Cumann Peile na mBan i gContae Thiobraid Árann sa bhliain 1974. Nuair a bhuaigh Contae Mhaigh Eo ar Chontae Átha Cliath i gCraobh na hÉireann sa bhliain 2003 bhí 30,000 duine i Páirc an Chrócaigh ag féachaint ar an gcluiche agus bhí suas le 200,000 duine ag féachaint ar an gcluiche céanna ar TG4.

**1.** Cén cluiche a imríonn Cora Staunton? ____________________________________________

**2.** Cén contae inar bunaíodh Cumann Peile na mBan?

| | |
|---|---|
| Contae Mhaigh Eo | |
| Contae Átha Cliath | |
| Contae Thiobraid Árann | |

**3.** Cé mhéad duine a bhí i bPáirc an Chrócaigh do Chraobh na hÉireann sa bhliain 2003?


| | |
|---|---|
| 200,000 | |
| 30,000 | |
| 90,000 | |

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (100 marc)

**CEIST 4.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

**LAETHANTA SAOIRE i gCONTAE SHLIGIGH**




Tá tusa agus do mhuintir ar laethanta saoire san áit seo. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**NÓ**

(b) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

**LAETHANTA SAOIRE i gCONTAE SHLIGIGH**



**Tá tusa anseo**

Bhí tusa agus do mhuintir ar saoire san áit seo an samhradh seo caite. Seo pictiúr de na rudaí a bhí ar siúl agaibh lá amháin. Ba mhaith leat **cuntas** (6 abairt) faoin lá sin a scríobh i do **dhialann**.

Scríobh an **cuntas** (6 abairt) trí na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cén chaoi a raibh an aimsir? ______________________________

2. Cad a bhí ar siúl ag do Dhaid? ______________________________

______________________________

3. Cad a bhí ar siúl ag do Mhamaí? ______________________________

______________________________

4. Cad a bhí ar siúl ag do sheanathair? ______________________________

______________________________

5. Cad a bhí ar siúl agat féin? ______________________________

______________________________

6. Cad a bhí le feiceáil ar an bhfarraige? ______________________________

______________________________

**CEIST 5.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Léigh an **cuireadh** seo.

## CUIREADH

A Mháire,

Beidh an scannán nua faoi Harry Potter ar siúl sa Multiplex tráthnóna Dé Sathairn. Ar mhaith leat teacht liom go dtí an scannán? Beidh sé ag tosú ag 3.00. Tar go dtí mo theach ag 2.00 agus tabharfaidh mo mhamaí sinn go dtí an phictiúrlann. Is féidir linn teacht abhaile ar an mbus. Is féidir leat fanacht i mo theach an oíche sin más maith leat.

Do chara,
Alison.

Scríobh an **freagra** ar an gcuireadh sa spás thíos.

**N.B.** Is tusa Máire.

**FREAGRA**

A Alison, a chara,

Slán go fóill,
Máire

**NÓ**

(b)




1. Teilifís



2. Cairde



3. Nóta




4. Ag rothaíocht

Tá tusa agus do dheirfiúr Brenda sna pictiúir thuas. Beidh do Mhamaí ar ais ag 8.00 p.m.
Fág **NÓTA** do do Mhamaí. (Conal is ainm duit féin.)

Inis sa **Nóta** :-

- Cad a bhí ar siúl agaibh sa seomra (Pictiúr 1);
- Cad a tharla ansin (Pictiúr 2);
- Cá bhfuil sibh imithe agus cad atá ar siúl agaibh (Pictiúr 4).

**NÓTA**

A Mhamaí,

Beimid ar ais go luath,
Conal.

**Thall →**

**CEIST 6.** Freagair (a) **nó** (b). **(40 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag an **DIOSCÓ** seo. Tá tú chun alt gearr a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**DIOSCÓ AN tSAMHRAIDH i HALLA NA SCOILE**



**NÓ**

(b) Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i gcaife i do cheantar.

Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa chaife.

[**Nóta**: Is tusa Éamonn Ó Ceallaigh]

## AN CAIFE GORM

**Foirm Iarratais**

Ainm: Éamonn Ó Ceallaigh

Seoladh: ______________________________

______________________________

Aois: ______________________________

Breithlá: ______________________________

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________

An bhfuil an Teastas Sóisearach déanta agat? ______________________________

An raibh tú ag obair i gcaife nó i mbialann roimhe seo? ______________________________

An fearr leat a bheith ag obair ar maidin nó um thráthnóna?______________________________

An féidir leat teacht isteach go moch ar maidin?______________________________

An mbeidh tú ábalta obair ag an deireadh seachtaine? ______________________________

An fearr leat a bheith ag obair ar an Satharn nó ar an Domhnach? ______________________________

An bhfuil rothar agat? ______________________________

Luaigh obair ar bith a rinne tú roimhe seo. ______________________________

Cén t-am ba mhaith leat a bheith críochnaithe gach lá? ______________________________

Cén lá den tseachtain a mbeidh tú sásta tosú ar an obair?______________________________

An bhfuil cead agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair i gcaife? ______________________________

Síniú: *Éamonn Ó Ceallaigh*

Dáta: ____________________